C/2023/1088

21.11.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11301 — WÜRTH / DREES / LCM (JV))

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/1088)

1. An 13 Samhain 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Adolf Würth GmbH & Co. KG ('Würth', an Ghearmáin), atá faoi rialú Reinhold Würth,

— Drees & Sommer SE ('Drees', an Ghearmáin), ar cuid den ghrúpa Drees & Sommer é,

— LCM Digital GmbH ('LCM', an Ghearmáin), atá faoi rialú iomlán Drees faoi láthair.

Gheobhaidh Würth agus Drees rialú comhpháirteach ar LCM de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Würth gníomhach i dtáirgeadh agus dáileadh domhanda na n-ábhar cóimeála agus ceangail. Tá cuideachtaí ghrúpa Würth roinnte in dhá eintiteas: Díríonn líne Würth ar ábhair chóimeála agus cheangail a tháirgeadh agus a dhíol le haghaidh custaiméirí i gceirdeanna, i bhfoirgníocht agus sa tionscal. Na 'Allied Companies', atá comhdhéanta de chuideachtaí tráchtála agus monaraíochta, tá siad gníomhach i réimsí gaolmhara, amhail mórdhíol leictreach, leictreonaic agus seirbhísí airgeadais.

— Tá Drees gníomhach i gcomhairleacht, i bpleanáil agus i mbainistíocht tionscadal, agus tacaíonn sé le custaiméirí príobháideacha agus poiblí agus le hinfheisteoirí maidir le heastát réadach agus bonneagar.

— Tá speisialtóireacht ag LCM i bhforbairt réiteach digiteach agus táirgí digiteacha, agus leagann sé béim ar réitigh dhigiteacha do chustaiméirí sa tionscal foirgníochta. Soláthraíonn LCM seirbhísí amhail forbairt bogearraí, forbairt feidhmchlár, réitigh ríomhthráchtála agus straitéisí margaíochta digití. Go dtí seo, bhí LCM gníomhach laistigh den Aontas agus den Eilvéis.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra ([2]).

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11301 — WÜRTH / DREES / LCM (JV)

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a chur chuig an gCoimisiún trí ríomhphost nó tríd an bpost ach úsáid a bhaint as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË